



Páirceáil níos éasca dár gcuairteoirí

Pacáiste Tacaíochta do na Comhaltaí Tofa

Nollaig 2025



Faoin bPacáiste Seo

Réamhrá do Chomhaltaí na Comhairle

Teastaíonn ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe cúrsaí páirceála a dhéanamh simplí agus cóir do na cónaitheoirí agus do chuairoteoir. Mar Comhaltaí Tofa, tá a fhios againn gur minic gur sibhse an chéad phointe teagmhála nuair a bhíonn ceisteanna ag daoine nó inní orthu. Tá eolas soiléir agus áiseanna sa bpacáiste seo a fhéadfaidh tú a roinnt le go mbeidh tú in freagra a thabhairt go sciobtha agus go muiníneach.

- Féadann daoine íoc ar an mbealach is fearr a fheileann dóibh féin - ar an aip, suíomh gréasáin, fón, nó i siopa Payzone (airgead tirim/cárta).
- Ní theastaíonn aon ticéad páipéir - tá an íocaíocht ceangailte le cláruimhir na feithicle.
- Caithfidh tiománaithe an t-eolas seo a bheith acu: an fhad a bhfuil rún acu a bheith páirceáilte, cláruimhir na feithicle agus an áit nó an 'Zón Páirceála' a bhfuil siad páirceáilte ann.

Taobh istigh gheobhaidh tú scrípteanna gearra le haghaidh clinicí, chomh maith le nuachtlitir, postálacha do na meáin shóisialta agus bileoga réidh le priontáil. Úsáid iad le daoine a threorú chuig na cainéil oifigiúla, na roghanna neamh-dhigiteacha a mhíniú, agus a chur in iúl don phobal go bhfuil cúnamh ar fáil agus go bhfuil an córas leagtha amach le go n-oibreoidh sé do gach duine.



Ag páirceáil i gCathair na Gaillimhe

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag déanamh uasdátú ar an chaoi a n-íocann daoine as páirceáil. Níl cuid de na seanmheaisíní páirceála ag oibriú níos mó.

Tá sé i gceist ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe fáil réidh leis na meaisíní seo le himeacht ama. In áit na meaisíní, tá go leor bealaí éasca ann anois le híoc. Is féidir leat an bealach is fearr a fheileann duit féin a roghnú.

Bealaí le híoc as páirceáil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe:

- **Bain úsáid as Aip Páirceála Chathair na Gaillimhe**



- Íoslódáil an aip 'Galway City Parking', atá saor in aisce agus íoc le do chárta.
- Níor cheart an aip a íoslódáil ach amháin ó shiopa oifigiúil aipeanna (mar shampla, Google Play, Apple App Store).



- **Ag íoc ar líne**

- Téigh chuig www.GalwayCityParking.ie agus íoc le do chárta



- **Ag íoc ar an bhfón**

- Glaoigh ar 00 353 (0)91 894 300
- Féadfaidh tú íoc le do chárta ar an bhfón.



- **Ag íoc i Siopa Payzone**

- Feicfidh tú comhartha bándearg Payzone taobh amuigh de na siopaí seo.
- Féadfaidh tú íoc le hairgead tirim nó le cárta.
- Tiocfaidh tú ar liosta de na siopaí Payzone i gCathair na Gaillimhe ar www.GalwayCity.ie/Parking



Zóin Pháirceála i gCathair na Gaillimhe

Gearrtar táillí éagsúla ar pháirceáil in áiteanna éagsúla i gCathair na Gaillimhe.

Tá táille amháin in aghaidh an lae ag roinnt áiteanna, mar shampla Carrchlós na hArdeaglaise agus Carrchlós Bhóthar na Díge, beag beann ar chomh fada is atá do charr fágtha ann.

In áiteanna eile, ar nós an pháirceáil sráide agus Carrchlós Shráid an Mhuilinn ligfear duit íoc as bheith páirceáilte ar feadh cúpla nóiméad nó uaireanta an chloig.


Caithfidh an Zón Páirceála a bheith ar eolas agat beag beann ar an mbealach a bhfuil tú ag íoc.

Cá bhfuilim páirceáilte?	Zón Páirceála
Páirceáil sráide ('ar an tsráid')	GCOS
Carrchlós Bhóthar na Díge	GDRC
Carrchlós na hArdeaglaise	GCTH
Carrchlós Shráid an Mhuilinn	GMCP
Carrchlós Bhóthar Shandair	GBGC



Cá bhfuilim páirceáilte?

- **Carrchlós Bhóthar Shandair** - gar do Mheánscoil Educate Together (Éirchód: H91 DP11)
- **Carrchlós na hArdeaglaise** - in aice le hArdeaglais na Gaillimhe (Éirchód: H91 A780)
- **Carrchlós Bhóthar na Díge** - gar d'Amharclann The Black Box (Éirchód H91 C9PP)
- **Carrchlós Shráid an Mhuilinn** - in aice le Stáisiún Gardaí Shráid an Mhuilinn (Éirchód: H91 FX61)
- **Páirceáil sráide ('ar an tsráid')** - seiceáil an chomharthaíocht sráide lena fháil amach an bhfuil táille i gceist.



Leideanna:



Gheobhaidh tú ainm na háite a bhfuil tú ag páirceáil ann agus 'cód an zóin' ar na póstaer ar na cochail atá ag clúdach shean-mheaisíní na dticéad. Beidh an chomharthaíocht á tabhairt suas chun dáta sna míonna amach romhainn le go mbeidh sé níos éasca teacht ar an eolas a theastóidh uait.

Táillí Páirceála*

Zón Páirceála	Ráta in aghaidh na huaire	Ráta in aghaidh an lae	Ráta in aghaidh na míosa	Uaireanta atá le híoc
Páirceáil sráide (GCOS)	€2.50	2 uair ar a mhéid	X	Dé Luain – Dé Sathairn 8:30r.n.– 6:30i.n. Dé Domhnaigh 13:00r.n. – 18:00i.n.
Carrchlós Bhóthar an Díge (GDRC)	X	€10	€100	Dé Luain – Dé Sathairn 8:30r.n.– 6:30i.n. Dé Domhnaigh 13:00r.n. – 18:00i.n.
Carrchlós na hArdeaglaise (GCTH)	X	€10	€100	Dé Luain – Dé Sathairn 8:30r.n.– 6:30i.n. Dé Domhnaigh 13:00r.n. – 18:00i.n.
Carrchlós Shráid an Mhuilinn (GMCP)	€2.50	€22.50 ar 9 uair an chloig	X	Dé Luain – Dé Sathairn 8:30r.n.– 6:30i.n. Dé Domhnaigh 13:00r.n. – 18:00i.n.
Carrchlós Bhóthar Shandair (GBGC)	€2.50	€22.50 ar 9 uair an chloig	X	Dé Luain – Dé Sathairn 8:30r.n.– 6:30i.n. Dé Domhnaigh 13:00r.n. – 18:00i.n.



* Praghsanna 2026 atá léirithe. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil praghsáil tar éis athrú. Seiceáil comharthaíocht áitiúil nó www.GalwayCity.ie áitiúil chun an t-eolas is déanaí a fháil ar rátaí páirceála.

Go hAchomair

Páirceáil i gCathair na Gaillimhe

- Is lomaí Bealach atá ann le hÍoc as Páirceáil: Aip, Suíomh Gréasáin, Fón, nó siopa Payzone (airgead tirim/cárta).
- Tá sé seo **Móide Digiteach** (seachas a bheith neamh-dhigiteach): tá neart roghanna neamh-dhigiteacha ann i gcónaí d'aon duine ar fearr leo iad.
- Tá muid ag feabhsú na comharthaíochta chomh maith leis an eolas ar an suíomh gréasáin agus an clúdach Payzone chun cuidiú le cónaitheoirí agus cuairteoirí.

Na Buntáistí atá le Neart Bealaí a bheith ann le hÍoc

- Ní theastaíonn aon ticéad páipéir.
- Féadfaidh tú íoc as páirceáil '**ar chuntas**' nó mar **íocaíocht 'aonuaire'**.
- Is féidir leat íoc as an bpáirceáil roimh ré - mar shampla, íoc as páirceáil na maidine an oíche roimhe ré.
- Má chuirtear moill ort, is féidir leat '**breis creidmheasa**' a fháil gan filleadh ar do charr.

An bhfuil táillí breise le hÍoc as páirceáil?

- Níl aon táille le hÍoc as páirceáil agus úsáid á baint as aip Páirceála Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, as an suíomh gréasáin, an teileafón nó na siopaí éagsúla.
- Is féidir le custaiméirí reatha Payzone nó Park Magic a gcuntais a úsáid le hÍoc as páirceáil i gCathair na Gaillimhe - ach beidh gnáth-T&C agus táillí i gceist.

Céard iad na teangacha atá ar fáil?

- Is féidir leat íoc i mBéarla nó i nGaeilge tríd an aip/ar líne.
- Chun íoc i do **theanga dhúchais**, téigh go dtí www.GalwayCityParking.ie agus aistrigh an leathanach i do bhrabhsálaí gréasáin



Go hAchomair

Caithfidh tú an t-eolas seo a bheith agat nuair atá tú ag íoc as páirceáil:

- Cláruimhir na feithicle
- An t-achar ar mhaith leat a bheith páirceáilte
- An áit nó an 'Zón Páirceála' a bhfuil tú ag páirceáil ann: Páirceáil sráide (GCOS); carrchlós Bhóthar an Díge (GDRC), carrchlós na hArdeaglaise (GCTH), carrchlós Shráid an Mhuilinn (GMCP) nó Carrchlós Bhóthar Shandair (GBGC)

Nóta frith-chalaoise:

- Ní úsáideann Comhairle Cathrach na Gaillimhe cóid QR ar chomharthaí sráide.
- Treoraigh daoine i gcónaí chuig siopaí an aip / an suíomh gréasáin / an uimhir theileafóin oifigiúil, nó chuig siopa Payzone.
- Tá aip Páirceála Chathair na Gaillimhe agus www.GalwayCityParking.ie sábháilte agus slán le húsáid. Tá ár bhfeidhmchlár tógtha le cosaintí láidre agus déantar tástáil agus bailíochtú dian air lena chinntiú go bhfuil sé ag comhlíonadh na gcaighdeán cosanta is airde. Déanann muid monatóireacht agus uasdátú leanúnach ar ár gcórais chun iad a chosaint ar bhagairtí a bheadh ag teacht chun cinn.
- Ar an drochuair, foilsíonn drochghníomhaithe leagan bréige d'aipeanna ar an ngréasán ag súil go n-íoslódálfadh daoine iad (taobh amuigh de na siopaí aip) rud a fhágann go bhféadfadh na drochghníomhaithe sonraí a thógáil agus a úsáid le calaois a dhéanamh. Sin é an fáth go gcaithfidh custaiméirí:
 - Gan aipeanna a íoslódáil ach amháin ó shiopaí aip oifigiúla iad (m.sh., Apple App Store, Google Play).
 - A bheith cinnte nach n-íoslódáileann siad aipeanna a thagann ó shuíomhanna gréasáin anaithnid nó ó fhoinsí tríú páirtí.
 - Ainm an fhorbróra, léirmheasanna agus ceadanna a sheiceáil sula ndéanann siad aon suiteáil.
 - Aipeanna agus córas oibriúcháin a choinneáil suas chun dáta lena chinntiú go bhfuil na paistí slándála is deireanaí acu.



Tá cúnamh ar fáil:

Bíonn ár Maoir Pobail ag cabhrú le custaiméirí i rith an lae. Tá Tacaíocht do Chustaiméirí ar fáil ar an bhfón ar (091) 894 300 nó ar ríomhphost chuig Parking@Payzone.ie

Na rudaí le roinnt (an mhí seo)

- An míniú simplí "Go leor Bealaí le hÍoc" (féach Nuachtlitir agus na Meáin Shóisialta thíos).
- An uimhir theileafóin oifigiúil (091 894 300) agus an leathanach páirceála www.GalwayCityParking.ie
- An liosta is deireanaí de na Siopaí Payzone atá sa phacáiste seo. De bharr go mbíonn muid ag cur le liosta na miondíoltóirí i rith an ama, treoraigh daoine chuig www.GalwayCityParking.ie leis an liosta is deireanaí a fháil.
- An t-eolas is deireanaí maidir le comharthaíocht nua, miondíoltóirí sa mbreis, nó bileoga eolais ó óstáin/ bileoga turasóireachta i do cheantar.
- Eolas faoi cheardlanna do dhaoine scothaosta agus ceardlanna pobail (nuair a dheimhnítear na dátaí).
- Ár bpostálacha ar na meáin shóisialta agus físeáin a roinnt ar do chainéil féin.
- Coinnigh suas chun dáta trínár gcainéil meán sóisialta (Facebook, Instagram) agus www.GalwayCity.ie



Nuachtlitir / Bloic ríomhphoist

Ná bíodh drogall ort an t-eolas thíos a chóipeáil agus a ghreamú i do nuachtlitir féin nó i ríomhphoist leis an eolas is déanaí:

Gearr (2–3 abairt)

An t-eolas is déanaí maidir le Páirceáil – Go leor Bealaí le hÍoc

Is féidir leat íoc as páirceáil anois ar an Aip, Suíomh Gréasáin, Fón, nó i siopa Payzone (airgead tirim/cárta). Ní theastaíonn aon ticéad páipéir. Caithfidh tú cláruimhir na feithicle a bheith ar eolas agat, an t-achar a mbeidh tú páirceáilte, agus an áit (zón) a bhfuil tú páirceáilte ann.

Tá Tacaíocht do Chustaiméirí ar fáil ag: (091) 894 300 nó
Parking@Payzone.ie
Féach -www.GalwayCity.ie/Parking

Níos faide (alt amháin)

Ag páirceáil i gCathair na Gaillimhe - simplí agus cóir

Le rudaí a dhéanamh níos éasca do chónaitheoirí agus do chuairoteoirí, is féidir íoc as páirceáil ar cheithre bhealach: Aip, Suíomh Gréasáin, Fón, nó siopa Payzone (airgead tirim/cárta). Ní theastaíonn ticéad páipéir; níl uait ach cláruimhir na feithicle, an t-achar a mbeidh tú páirceáilte, agus an áit (nó 'zón') a bhfuil tú páirceáilte ann. Má chuirtear moill ort, is féidir leat 'breis creidmheasa' a fháil ar d'fhón.

Tá roghanna neamh-dhigiteacha ann i gcónaí do na daoine ar fearr leo iad - íoc le hairgead tirim i siopa Payzone. Féach liosta iomlán na siopaí ag www.GalwayCity.ie/Parking

Tá Tacaíocht do Chustaiméirí ar fáil ag: (091) 894 300 nó
Parking@Payzone.ie



Ábhar Cainte sna Clinicí

(cuntas gairid 1 nóiméad)

- Is féidir íoc ar cheithre bhealach: Aip / Suíomh Gréasáin / Fón / siopa Payzone (airgead tirim/cárta).
- Ní theastaíonn aon ticéad páipéir - tá an íocaíocht ceangailte le do chlárúimhir.
- An fearr leat airgead tirim? Úsáid Payzone.
- An bhfuil cúnamh uait? Is féidir leis na Maoir agus an tSeirbhís do Chustaiméirí (091 894 300) treoir a thabhairt duit.
- An áit le tuilleadh eolais a fháil: GalwayCity.ie/Parking (lena n-áirítear liosta / léarscáil de shiopaí Payzone agus Ceisteanna Coitianta).
- Tá muid ag feabhsú na comharthaíochta agus ag cur le líon na míondíoltóirí bunaithe ar aiseolas.

Coinnigh cúpla cárta gnó i do chlinic a d'fhéadfadh daoine a thabhairt leo (Aip / Suíomh Gréasáin / Fón / Payzone + uimhir theileafóin + URL).



Freagraí Sciobtha ar Cheisteanna Coitianta

C: Ní úsáidim aipeanna. Cén chaoi a bhféadfaidh mé íoc?

A: Féadfaidh tú íoc ar an bhfón le do chárta bainc, nó le hairgead tirim nó cárta i siopa Payzone. Sonraí: GalwayCity.ie/Parking nó 091 894 300.

C: Cá bhfuil mo zón?

A: Tá cúig zón i gCathair na Gaillimhe.

Clúdaíonn zón amháin gach páirceáil sráide sa gCathair, is cuma más ar Bhóthar an Choláiste nó ar Bhóthar na Mara atá tú (On Street GCOS). Is carrchlóis de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe iad na ceithre zón eile: Carrchlós Bhóthar an Díge (GDRC), carrchlós na hArdeaglaise (GCTH), carrchlós Shráid an Mhuilinn (GMCP) nó Carrchlós Bhóthar Shandair (GBGC)

Caithfidh tú a bheith ar an eolas faoin zón má tá tú ag íoc ar an Aip, ar an Suíomh Gréasáin, ar an bhFón nó i siopa.

C: An bhfuil cód QR ann le scanadh?

A: Níl. Ar mhaithe le sábháilteacht, ní úsáideann GCC cóid QR ar chomharthaí sráide. Bain úsáid as an aip / suíomh Gréasáin / fón oifigiúil nó siopa Payzone.

C: Níl a fhios agam an bhfuil mé in ann é seo a dhéanamh

A: Tá sé sin togha. Tá roghanna neamh-dhigiteacha á gcoinneáil againn chomh maith le treoracha gearra.

Tá foireann thiomnaithe Seirbhíse do Chustaiméirí i Payzone a chabhraíonn le daoine íoc ar an bhfón, ar an aip nó ar an suíomh gréasáin. Is féidir teagmháil a dhéanamh leo ar (091) 894 300 nó Parking@Payzone.ie

Chun treoracha nó cúnamh duine le duine a fháil, déan teagmháil le Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar (091) 536 400.



Freagraí Sciobtha ar Cheisteanna Coitianta

C. An bhfuil íosíocaíocht €10 i gceist leis an bpáirceáil?

A. Níl. Nuair a shocraíonn tú suas cuntas ar an aip/suíomh gréasáin, bíonn an rogha agat do chuntas a choinneáil 'i gcreidmheas' le hóc as páirceáil. Is é €10 an t-íosmhéid creidmheasa is féidir leat a chur i bhfeidhm. Féadfaidh tú, áfach, íoc 'mar a úsáideann tú' a dhéanamh agus ní gá duit creidmheas a choinneáil i do chuntas.

C. Tá carr mo mháthar, atá ceangailte lena cuntas á fháil ar iasacht agam. Cén chaoi a bhféadfaidh mé íoc?

Féadfaidh tú íoc as páirceáil mar íocaíocht 'aonuaire' ar an aip, ar líne, ar an bhfón nó i siopa Payzone. Ní theastaíonn cuntas uait le hóc as páirceáil ar bhonn 'aonuaire', agus is féidir leat íoc as aon chlárúimhir chairr/feithicle, fiú má tá sé ceangailte le cuntas duine eile.



Má tá níos mó ná carr amháin cláraithe agat ar do chuntas, seiceáil go bhfuil an chlárúimhir cheart roghnaithe agat don charr nuair atá tú ag íoc.

Cén fáth a ngearrann Comhairle Cathrach na Gaillimhe táille ar pháirceáil?

Tá spásanna páirceála teoranta. Nuair a ghearrtar táille bheag cuidíonn sé le Comhairle Cathrach na Gaillimhe an t-éileamh a bhainistiú ar bhealach cóir agus an chathair a choinneáil ag gluaiseacht.

Cuidíonn sé leis na seirbhísí áitiúla freisin. I dteanga shimplí, mar gheall ar na táillí páirceála:

- Bíonn úsáid na spásanna ag athrú sa gcaoi is nach mbíonn an carr céanna sa spás an lá ar fad. Fágann sé seo go bhfuil sé níos éasca ag siopadóirí, othair, cúramóirí, lucht ceirde agus cuairteoirí spás a aimsiú nuair a theastaíonn sé uathu.
- Laghdaítear an brú tráchta agus ní bhíonn an oiread daoine ag tiomáint thart ag tóraíocht páirceála, ionas nach mbíonn an oiread moille ann agus go bhfeabhsaítear cúrsaí sábháilteachta agus caighdeán an aeir ar shráideanna gnóthacha.
- Cabhraítear le beocht a chur i lár an bhaile mar go mbíonn níos mó spásanna ar fáil gar do shiopaí agus do seirbhísí le páirceáil iontu ar feadh tréimhsí níos giorra.
- Tugtar rogha do dhaoine: socraíonn daoine áirithe siúl, rothaíocht, iompar poiblí a úsáid, nó páirceáil i gcarrchlós fadpháirceála chun go mbíonn spásanna príomha fágtha le haghaidh gearrchuairteanna.
- Bíonn maoiniú ar fáil do sheirbhísí áitiúla: cuidíonn an teacht isteach le híoc as oibríochtaí an chórais páirceála, comharthaíocht, cothabháil, sráideanna níos sábháilte, agus feabhas ar chúrsaí iompair—rud a laghdaíonn an brú ar na buiséid ghinearálta.

Is é an sprioc ná an iompraíocht a threorú ar bhealach atá cóir, seachas a bheith ag breith amach ar dhaoine. Tá sé i gceist mar gheall ar eolas soiléir, bealaí éagsúla le híoc (Aip • Suíomh Gréasáin • Fón • Payzone), agus comharthaíocht níos fearr go mbeadh sé simplí agus intuartha íoc as páirceáil.

Cén fáth a ngearrann Comhairle Cathrach na Gaillimhe táille ar pháirceáil?

Script ghearr don chlinic (le húsáid ag na Baill):

"Gearrann muid táille ar pháirceáil le gur féidir na spásanna atá teoranta a bhainistiú go cóir agus an chathair a choinneáil ag gluaiseacht.

Cuidíonn sé le seirbhísí áitiúla a mhaoiniú agus bíonn sé níos éasca páirceáil ar feadh tréimhsí gearra in aice le siopaí agus áiteanna a mbíonn coinní ag daoine. Is féidir leat íoc ar an aip, an suíomh gréasáin, an fón, nó i siopa Payzone le hairgead tirim nó le cárta - níl aon ticéad páipéir ag teastáil.

Caithfidh tú cláruimhir na feithicle a bheith ar eolas agat, agus an áit nó an zón a bhfuil tú páirceáilte ann. Le haghaidh na sonraí ar fad, féach GalwayCity.ie/Parking nó glaoigh ar (091) 894 300."

Gheobhaidh tú leathanach inphriontáilte thall agus féadfaidh tú é seo a úsáid mar threoir thagartha áisiúil.



Páirceáil i gCathair na Gaillimhe



Comhairle Cathrach
na Gaillimhe
Galway City Council

Tá roinnt carrchlóis phoiblí agus phríobháideacha i gCathair na Gaillimhe le haghaidh cuarteoirí a thagann chun na cathrach. Tiocfaidh tú ar liosta ag www.GalwayCity.ie/Parking

Seiceáil an chomharthaíocht sráide/an chomharthaíocht áitiúil i gcónaí lena fháil amach an bhfuil táillí páirceála i gceist.

Tá roinnt **carrchlóis phoiblí** ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar Bhóthar an Díge, ag an Ardeaglais, ar Shráid an Mhuilinn agus ar Bhóthar Shandair. Gearrtar táillí páirceála sna carrchlóis seo. Má tá tú **ag páirceáil ar an tsráid**, seiceáil an chomharthaíocht sráide sa gceantar lena fháil amach an bhfuil táillí páirceála i gceist. Is iondúil gur gá íoc as an bpáirceáil sráide i lár na cathrach.

Bealaí le híoc as páirceáil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe:



Bain úsáid as Aip Páirceála Chathair na Gaillimhe

- Íoslódáil an aip 'Galway City Parking', atá saor in aisce agus íoc le do chárta.
- Níor cheart an aip a íoslódáil ach amháin ó shiopa oifigiúil aipeanna (mar shampla, Google Play, Apple App Store).



Ag íoc ar líne

- Téigh chuig www.GalwayCityParking.ie agus íoc le do chárta



Ag íoc ar an bhfón

- Glaoigh ar 00 353 (0)91 894 300
- Féadfaidh tú íoc le do chárta ar an bhfón.



Ag íoc i Siopa Payzone

- Feicfidh tú comhartha bándearg Payzone taobh amuigh de na siopaí seo.
- Féadfaidh tú íoc le hairgead tirim nó le cárta.
- Tiocfaidh tú ar liosta de na siopaí Payzone i gCathair na Gaillimhe ar www.GalwayCity.ie/Parking





Caithfidh tú an t-eolas seo a leanas a bheith agat má tá tú ag íoc as páirceáil de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe:

- Cláruimhir na feithicle
- An t-achar ar mhaith leat a bheith páirceáilte
- An áit nó an 'Zón Páirceála' a bhfuil tú ag páirceáil ann: Páirceáil sráide (GCOS); carrchlós Bhóthar an Díge (GDRC), carrchlós na hArdeaglaise (GCTH), carrchlós Shráid an Mhuilinn (GMCP) nó Carrchlós Bhóthar Shandair (GBGC)

Leideanna



- Ní gá duit an ticéad a chur ar taispeáint i do charr nuair a bheidh do pháirceáil íoctha agat.
- Féadfaidh tú íoc as páirceáil 'ar chuntas' nó mar íocaíocht 'aonuaire'
- Is féidir leat íoc as an bpáirceáil roimh ré - mar shampla, íoc as páirceáil na maidine an oíche roimhe ré.
- Má chuirtear moill ort, is féidir leat 'breis creidmheasa' a fháil gan filleadh ar do charr.
- Chun íoc i do theanga dhúchais, téigh go dtí www.GalwayCityParking.ie agus aistrigh an leathanach i do bhrabhsálaí gréasáin.

Tá Tacaíocht do Chustaiméirí ar fáil ag:  00 353 (0)91 894 300  Parking@Payzone.ie

Léigh tuilleadh - www.GalwayCity.ie/Parking

Siopaí Payzone Chathair na Gaillimhe*

Lár na Cathrach

- Londis, Cearnóg na Faiche Móire, 10 An Fhaiche Mhór
- Henchy's Daybreak, 38 An Fhaiche Mhór
- The Coffee Hut, Páirc Mhiondíola na Gaillimhe, Bóthar Áth Cinn +353 91 534 911
- Bridge Stores, Sráid an Droichid +353 91 568 774
- Newspoint, Ionad Siopadóireachta na Gaillimhe +353 91 630 724
- XI Ionad na Coiribe, Sráid an Iarsaigh +353 91 566 760
- XL Ionad na Faiche Móire +353 91 630 724
- XL Sráid Dhoiminic +353 91 535 984
- Gala, Cnoc na Radharc +353 91 539 646
- Ros News, Sráid Eglinton +353 91 569 759
- Centra, Loch an tSáile +353 91 895 740
- Londis, Bóthar an Chaisleáin Nua +353 91 585 708
- Circle K, Bóthar an Chaisleáin Nua +353 91 501 964
- Monaghans, Ardán na bhFiach +353 91 587 492
- Number 26 Foodstore, 26 Sráid Dhoiminic Uachtarach +353 91 582 740
- Monaghans an Taoibh Thiar, Bóthar Shéamais Uí Chuirce +353 91 519 816
- Spar, Sráid an Phríomhgharda +353 91 534 892



Bóthar na Trá

- XL Kelleher's, Bóthar na Trá Íochtarach +353 91 522 418
- Maxol, Ascaill na Trá Báine, Bóthar na Trá Íochtarach +353 91 589 125
- Spar, Bóthar na Trá Uachtarach

Ionaid Eile

- XL, Páirc an Labhrais
- Merlin Stores, Páirc Mhuirlinne
- Applegreen, Bóthar Thuama +353 91 381 156
- Londis, Mervue +353 91 534 892
- Alrem Stores, An Baile Bán +353 91 766 759
- Circle K, Bóthar an Choláiste +353 91 567 933
- Spar, Bóthar na Rinne Móire +353 91 751 550
- Delaneys Mace, Eastát Tionscail an Leasa Bháin
- XL, Ionad Siopadóireachta Chnoc Mhaoil Drise
- Sweeney Oil, Bóthar Áth Cinn +353 91 555 999
- Mullans Convenience Store, Bóthar Áth Cinn +353 91 760 894
- Meehans Spar, An Choill Thiar, An Caisleán Nua Uachtarach +353 91 766 530
- Central G&L, 5 An Caisleán Nua Uachtarach +353 91 521 811
- Cappagh Stores, Bóthar na Ceapaí, Cnoc na Cathrach +353 91 590 600

*Bhí an liosta cruinn i mí na Samhna 2025.

Tá muid ag cur ionaid eile, ina bhféadfaidh tú íoc as an bpáirceáil, leis an liosta seo i rith an ama. Tiocfaidh tú ar an léarscáil is deireanaí de na siopaí Payzone ag www.GalwayCity.ie/Parking

Notaí



Notaí





Tá **Tacaíocht Páirceála do Chustaiméirí** ar fáil ag:



00 353 (0)91 894 300



Parking@Payzone.ie

Uaireanta Tacaíochta do Chustaiméirí:

Luan go hAoine: 9r.n – 6i.n. Dé Sathairn: 9r.n. – 5:30i.n

Tiocfaidh tú ar níos mó eolais faoi pháirceáil i gCathair na Gaillimhe ag
www.GalwayCity.ie/Parking



**Comhairle Cathrach
na Gaillimhe**
Galway City Council

